

Oifigeach Eolaíochta um Fhaireachas, Ullmhacht agus Freagairt Éigeandála

Aonad: Feidhmeanna Sláinte Poiblí

Tagairt: ECDC/FGIV/2021/PHF-SO-SEPR

Tá iarratais á lorg ar an bpost thuasluaite mar Ghníomhaire ar Conradh sa Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

Sainchuntas poist

Tá sé beartaithe ag ECDC seisear a earcú chun an folúntas thuasluaite a líonadh. Tá sé beartaithe ag ECDC freisin liosta ionadaithe a bhunú, a fhéadfar a úsáid le haghaidh folúntas sa réimse seo amach anseo.

Rannchuideoidh an sealbhóir poist le gníomhaíochtaí an Lárionaid a bhaineann le faireachas, intleacht eipidéime, ullmhacht agus freagairt éigeandála d'fhonn bagairtí tromchúiseacha sláinte trasteorann a bhaineann le galair thógálacha a bhrath, a mheasúnú, a bheith ullmhaithe dóibh agus aghaidh a thabhairt orthu. Cuirfear é/í san Aonad Feidhmeanna Sláinte Poiblí.

Beidh an sealbhóir poist freagrach as na réimsí oibre seo a leanas go háirithe:

- Cur le bailiú, bailíochtú, léirmhíniú agus scaipeadh sonraí faireachais maidir le galair theagmhálacha, agus le hanailís a dhéanamh orthu;
- Cur le faireachas bunaithe ar imeachtaí agus ar tháscairí a neartú agus a chomhtháthú, le tíopáil mhóilíneach agus ghéanómaíoch chomh maith le sonraí móra chun brath agus measúnú bagairtí níos cruinne agus níos cuimsithí a bhaint amach;
- Tacú le Ballstáit AE/LEE agus tríú tíortha, agus leis an gCoimisiún Eorpach i ngníomhaíochtaí a bhaineann le faireachas, intleacht eipidéime, ullmhacht agus freagairt éigeandála trí fhianaise eolaíoch, athbhreithnithe litríochta, tuarascálacha teicniúla, treirdhoiciméid, cleachtaí ionsamhlúcháin, athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí lena linn agus ina ndiaidh, cuairteanna tíre agus forbairt uirlisí, modheolaíochtaí measúnaithe agus ábhair oiliúna;
- Tacú le hoibriú, cothabháil, measúnú agus forbairt bhreise ar uirlisí eipidéimeolaíocha (bunachair shonraí, pacáistí anailíse, córais fhaisnéise um shláinte phoiblí agus líonraí sonracha) le haghaidh faireachais, intleachta eipidéime, ullmhachta agus freagartha i gcás éigeandálaí;

- A áirithiú go dtáirgfear go tráthúil mearmheasúnuithe riosca/ráige ar ardchaighdeán agus atá bunaithe ar fhianaise agus aschuir ghaolmhara eile mar fhreagairt ar bhagairtí féideartha maidir le galair thógálacha;
- Tacú le himscrúduithe ar ráigeanna trasteorann agus béim ar leith á leagan ar bhailiú agus ar anailís sonraí;
- Páirt a ghlacadh in imscaradh allamuigh chun tacú le misin freagartha i mBallstáit AE/LEE agus i dtríú tíortha, i gcomhar le geallsealbhóirí AE (e.g. DG ECHO agus DG INTPA de chuid an Choimisiúin Eorpaigh) agus le comhpháirtithe nach AE iad (e.g. EDS, GOARN, agus CDCanna eile);
- Idirchaidreamh a dhéanamh agus comhoibriú go gníomhach le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha agus páirt a ghlacadh i líonraí um fhaireachas, brath bagairtí, ullmhacht agus freagairt chun comhar ECDC le Ballstáit AE/LEE agus le tríú tíortha a neartú;
- Rannchuidiú le seirbhísí seachtracha a sholáthar i gcomhréir le rialacha soláthair poiblí AE, de réir mar is gá;
- Cur le córas freagartha dualgais agus le córas dualgais 24/7 de chuid ECDC;
- Cur le gníomhaíochtaí eile de chuid ECDC ina réimse saineolais féin, de réir mar is gá.

Na cáilíochtaí agus an taithí a theastaíonn

A. Ceanglais fhoirmiúla

Chun bheith i d'iarrthóir incháilithe, ní mór duit sraith ceanglas foirmiúil a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas na riachtanais atá i gceist:

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus cúrsa ollscoile críochnaithe trí bliana ar a laghad arna fhianú le dioplóma¹;
- Eolas cruinn ar cheann amháin de theangacha oifigiúla AE agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile AE sa mhéid is gá chun a d(h)ualgais a chomhlíonadh²;
- A bheith ina náisiúnach de cheann de Ballstáit AE nó de chuid na hIorua, na hÍoslainne nó Lichtinstéin;
- A bheith i dteideal a c(h)eart iomlán mar shaoránach³;
- Aon oibleagáidí a fhorchuirtear leis na dlíthe is infheidhme ar sheirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici;
- Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh maidir leis na dualgais atá i gceist; agus
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh.

¹ Ní bhreithneofar ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit AE nó lena mbaineann teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit sin.

² Iarrthóirí a bhfuil teanga acu nach teanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh í nó a bhfuil Béarla acu mar mháthairtheanga, ní mór dóibh leibhéal an dara teanga a chruthú le teastas (B1 nó níos mó).

³ Sula gceapfar an t-iarrthóir a n-éireoidh leis/léi, iarrfar air/uirthe teastas ón na póilíní a chur ar fáil a léireoidh nach bhfuil taifead coiriúil aige/aici.

B. Critéir roghnúcháin

Tá **critéir riachtanacha** maidir le taithí ghairmiúil/eolas agus tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta sainaitheanta againn mar chritéir cháilitheacha don phost seo.

Taithí ghairmiúil/eolas:

- Taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad (tar éis an dioplóma a bhaint amach) a fuarthas i bpoist a bhaineann leis an sainchuntas poist;
- Céim ollscoile sa tsláinte phoiblí, eipidéimeolaíocht, eolaíochtaí sláinte, leigheas, eolaíochtaí bithleighis, altranas, tréidliacht, cógaseolaíocht, micribhitheolaíocht, víreolaíocht, baictéareolaíocht, galair thógálacha nó i réimse gaolmhar eile. De rogha air sin, iarchéim san eipidéimeolaíocht allamuigh fheidhmeach (e.g. EPIET nó a choibhéis amhail clár náisiúnta oiliúna eipidéimeolaíochta allamuigh);
- Taithí chruthaithe ar fhaireachas, ar ullmhacht i gcomhair éigeandálaí, ar intleacht eipidéime, ar bhrath bagairtí agus/nó ar imscrúdú ar ráigeanna;
- Eolas ar bhunachair sonraí, uirlisí eipidéimeolaíochta agus pacáistí bogearraí staidrimh agus an cumas oibriú orthu siúd, chun faisnéis eipidéimeolaíochta, sonraí faireachais san áireamh, a bhainistiú, a roinnt agus anailís a dhéanamh uirthi;
- Taithí chruthaithe ar fhaisnéis eolaíoch a chur in iúl do dhaoine gairmiúla, d'eolaithe agus do phobal níos leithne, go háirithe trí chuir i láthair ó bhéal, trí thuarascálacha teicniúla agus trí ailt eolaíoch a fhoilsiú;
- Ardleibhéal Béarla, idir scríofa agus labhartha.

Tréithe pearsanta/scileanna idirphearsanta:

- Dírithe ar obair ardchaighdeán a chur ar fáil, agus ar an tseirbhís;
- An cumas oibriú i gcomhar le chéile, caidreamh láidir oibre a fhorbairt agus riachtanais na ngeallsealbhóirí a thuiscint;
- Dírithe ar thorthaí a bhaint amach agus an cumas gníomhú ar a t(h)ionscnamh féin;
- Dea-scileanna eagrúcháin agus an cumas oibriú faoi bhrú;
- Dea-scileanna anailíseacha.

Ag brath ar an líon iarratas a gheofar, d'fhéadfadh an coiste roghnúcháin riachtanais níos doichte a chur i bhfeidhm laistigh de na critéir roghnúcháin atá luaite thuas.

Comhdheiseanna

Is fostóir comhdheiseanna é ECDC agus molann sé go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú bunaithe ar fhorais amhail aois, cine, polaitíocht, fealsúnacht nó creideamh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumais.

Ceapachán agus coinníollacha fostaíochta

Ceapfar an sealbhóir poist de réir gearrliosta a mholfaidh an Coiste Roghnúcháin don Stiúrthóir. Is ar an bhfógra folúntais seo a bheidh an moladh ón gCoiste Roghnúcháin bunaithe. Iarrfar ar iarrthóirí trialacha scríofa a dhéanamh. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go bhféadfaí an togra a chur ar fáil go poiblí agus nach ionann ainm a bheith ar an ngearrliosta agus duine a earcú. Déanfar an gearrliosta iarrthóirí a ullmhú tar éis próiseas roghnúcháin oscailte.

Earcófar an t-iarrthóir/na hiarrthóirí a n-éireoidh leis/léi/leo mar ghníomhaire ar conradh, de bhun airteagal 3a) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh. Mairfidh na poist go ceann tréimhse cúig bliana le conradh a fhéadfar a athnuachan nó go ceann tréimhse teoranta idir dhá bhliain agus ceithre bliana, a fhéadfar a athnuachan ag brath ar an maoiniú atá ar fáil don tionscadail. Ceapfar an t-iarrthóir rathúil chuig **Feidhmghrúpa IV**.

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire go gceanglaítear le rialacháin foirne AE go gcuirfeadh gach ball foirne nua tréimhse phromhaidh naoi mí i gcrích go rathúil.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha conarthacha agus oibre, féach Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile na gComhphobal Eorpach, atá ar fáil ag an nasc seo a leanas:

<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20140501>

Beidh an post lonnaithe i Stócólm, áit a gcuireann an Lárionad a chuid gníomhaíochtaí i gcrích.

Liosta ionadaithe

D'fhéadfaí liosta ionadaithe a chruthú agus a úsáid chun críche earcaíochta sa chás go dtiocfadh folúntais den chineál céanna chun cinn. Beidh an liosta sin bailí go dtí an 31 Nollaig sa bhliain chéanna ina dtiteann an spriocdháta le haghaidh iarratas. Féadfar síneadh ama a chur leis an tréimhse sin.

Nós imeachta iarratais

Chun iarratas a chur isteach, seol iarratas comhlánaithe chuig Recruitment@ecdc.europa.eu, agus tagairt an fholúntais agus do shloinne á lua go soiléir agat i líne ábhair an ríomhphoist.

Chun a chinntiú go mbeidh d'iarratas bailí, ní mór duit gach cuid riachtanach den fhoirm iarratais a chomhlánú. Ba cheart an fhoirm iarratais a chur isteach i bhformáid Word nó PDF. B'fhearr í a bheith comhlánaithe i mBéarla⁴. Measfar aon iarratas neamhiomlán a bheith neamhbhailí.

Tá an fhoirm iarratais ECDC ar fáil ar ár suíomh gréasáin anseo:

<https://ecdc.europa.eu/en/about-us/work-us/recruitment-process>

Is é an dáta deiridh le hiarratais a chur isteach an dáta a fhógraítear san fhógra folúntais i mBéarla. Tá tuilleadh faisnéise faoi stádas an nós imeachta roghnúcháin seo, mar aon le faisnéis thábhachtach faoin bpróiseas earcaíochta, le fáil ar ár láithreán gréasáin. Is féidir teacht ar an méid sin ach an nasc thuas a úsáid.

Mar gheall ar an líon mór iarratas a fhaightear, ní rachfar i dteagmháil ach le hiarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun agallaimh dóibh.

⁴Rinneadh an fógra folúntais seo a aistriú go gach ceann de 24 theanga oifigiúla AE ón mbunleagan Béarla. Ós rud é gurb é Béarla an phríomhtheanga a úsáidtear in oibríochtaí laethúla na Gníomhaireachta, b'fhearr le ECDC an t-iarratas a fháil i mBéarla.